# Lóistín do Choláistí Samhraidh

Eochairfhocail: lóistín, mná tí seanbhunaithe, scoláirí Gaeilge, deontas, fóirdheontas, troscán

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cé dó a bhfuil an 2,000 Euro breise á thabhairt?
2. Cén úsáid is mó a bhainfidh na mná tí as an airgead breise seo?
3. Ainmnigh trí cinn de na píosaí troscáin agus ábhair tí a luann Mary Mulholland.
4. Cérbh í an uair dheireanach a fuair na mná tí deontas den saghas seo ón rialtas, dar le Máire Mhic Choilm?
5. Cad atá imithe in airde le tamall anuas, dar le hAngela Uí Ghrifín?
6. Cé mhéad a chosnódh leaba nua do scoláire Gaeilge, dar le hAngela?
7. Cad a deir Angela maidir leis an airgead atá faighte ag mná tí ón rialtas?
8. Cén t-ainm atá ar an bhfóirdheontas ar tháing fógra amach ina thaobh i mí Lúnasa?
9. Cén sprioclá a bhaineann le hiarratais maidir leis an deontas nua do throscán?
10. Ar fhan tú le bean tí riamh agus tú ag freastal ar Choláiste Gaeilge? Ar thaitin sé leat? Cén fáth?




Foghlaim TG4

# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Líon na bearnaí

**scoth, teanga, filleann, glantachán, déag, Coicís, bhéilí, cearn, sárthaithneamh, Éirinn**

Reáchtáiltear Coláistí Gaeilge ar fud na tíre gach samhradh in ________. Go hiondúil, is sna ceantair Ghaeltachta is mó a reáchtáiltear na cúrsaí seo. Maireann na cúrsaí ________ nó trí seachtaine de ghnáth. Tagann daltaí ó gach _______ den tír go dtí na cúrsaí seo le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is minic a fhanann an scoláire Gaeilge i dteach sa cheantar áitiúil le teaghlach áitiúil arb í an Ghaeilge ________ an tí sin. Is féidir le suas le seisear ______ fanacht i dteach amháin. Tugtar togha na haire do na scoláirí Gaeilge sna tithe seo. Tugtar trí cinn de ______ dóibh gach lá, bricfeasta, dinnéar agus suipéar. Níos minice ná a mhalairt, tugtar _______ an bhia do na scoláirí sna tithe seo. Oibríonn an bhean tí go han-dian ar fad le linn na tréimhse a bhfanann na scoláirí Gaeilge léi. Bíonn cócaireacht, __________, níochán agus ullmhúchán boird le déanamh i rith an ama. Baineann na scoláirí Gaeilge ____________ as a dtréimhse sna Coláistí Gaeilge agus __________ siad go minic bliain i ndiaidh bliana i rith bhlianta na ndéaga.



Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Samhlaigh gur bean tí tú agus go bhfuil scoláirí Gaeilge ag fanacht leat. Déan cur síos ar an ngnáthlá a bhíonn agat. Is leor 200 focal sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat**

- éirím
- go moch ar maidin
- réitím
- ullmhaím
- cuirim caint ar na scoláirí Gaeilge
- is breá liom comhluadar na scoláirí
- nuair a imíonn na scoláirí chun na scoil bíonn deis agam .....
- ó thús go deireadh an lae
- tagann siad ar ais tar éis ranganna na maidine
- filleann siad ar an gcoláiste san iarnóin
- ligim mo scíth ar feadh tamaill bhig
- cabhraíonn fear an tí liom
- bím ag cócaireacht, ag ní agus ag glanadh gach lá
- bíonn an-chraic agam leis na scoláirí Gaeilge, cuireann siad ag gáire mé
- téim a chodladh ag a .....
- titim i mo chodladh láithreach

## Freagraí

1. Teaghlaigh sheanbhunaithe a chuireann lóistín ar fáil do scoláirí Gaeilge
2. Troscán a uasdátú
3. Leapacha, toilg, éadaí leapa, troscán don chistin, stólta, cathaoireacha, táblaí
4. 2006, 2007
5. Costas gach aon ruda
6. Nachmór 400 Euro
7. Cuireann sí fáilte roimhe ach deir sí go bhfuil tuilleadh ag teastáil
8. Fóirdheontas aon oíche
9. 7 Samhain

Reáchtáiltear Coláistí Gaeilge ar fud na tíre gach samhradh in Éirinn. Go hiondúil, is sna ceantair Ghaeltachta is mó a reáchtáiltear na cúrsaí seo. Maireann na cúrsaí coicís nó trí seachtaine de ghnáth. Tagann daltaí ó gach cearn den tír go dtí na cúrsaí seo le feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Is minic a fhanann an scoláire Gaeilge i dteach sa cheantar áitiúil le teaghlach áitiúil arb í an Ghaeilge teanga an tí sin. Is féidir le suas le seisear déag fanacht i dteach amháin. Tugtar togha na haire do na scoláirí Gaeilge sna tithe seo. Tugtar trí cinn de bhéilí dóibh gach lá, bricfeasta, dinnéar agus suipéar. Níos minice ná a mhalairt, tugtar scoth an bhia do na scoláirí sna tithe seo. Oibríonn an bhean tí go han-dian ar fad le linn na tréimhse a bhfanann na scoláirí Gaeilge léi. Bíonn cócaireacht, glantachán, níochán agus ullmhúchán boird le déanamh i rith an ama. Baineann na scoláirí Gaeilge sárthaitneamh as a dtréimhse sna Coláistí Gaeilge agus filleann siad go minic bliain i ndiaidh bliana i rith bhlianta na ndéaga.